

# Treoir maidir le Bailiú Sonraí Pearsanta roimh Bhreathnú ar Réadmhaoin

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) ar an eolas faoi chleachtais san earnáil seirbhísí maoin ina n-iarrtar mioneolas maidir le hairgeadas agus rudaí eile ó dhaoine atá ag iarraidh breathnú ar réadmhaoin atá ar díol nó le fáil ar cíós. D'eisigh an DPC [treoir](#) cheana féin chun cabhrú le gníomhairí ligin agus tiarnaí talún agus iad ag smaoineamh ar shonraí pearsanta a iarraidh ó thionóntaí ionchasa roimh chonradh cíosa a thairiscint dóibh. Tá dearcadh an DPC mar a leagadh amach sa treoir do ghníomhairí talún agus tiarnaí talún cosúil leis an scéal ina mbeadh spéis ag duine aonair réadmhaoin a cheannach.

Má dhéanann cuideachtaí seirbhísí maoin (gníomhairí eastáit) aon cineál sonraí pearsanta a iarraidh nó a theastáil ó chliant ionchasa chun breathnú a shocrú, comhaontú ligin a dhéanamh nó díolachán a chur i gcrích, mar shampla, is rialaitheoirí sonraí iad faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

Cuireann an GDPR agus an Acht um Chosaint Sonraí 2018 oibleagáidí ar rialaitheoirí sonraí cinntiú go gcomhlíonann said gach prionsabal den dlí cosanta sonraí. Díríonn an nóta seo aird ar roinnt de na príomhcheisteanna a thagann chun cinn nuair a bhíonn gníomhairí eastáit ag bailiú sonraí pearsanta chun breathnuithe réadmhaoine a shocrú.

Is é ceann de na prionsabail is tábhachtaí le cur san áireamh ag an earnáil seirbhísí maoin i gcás ceannaitheoirí ionchasa ná an prionsabal **íoslaghdaithe sonraí**. Éilíonn an prionsabal seo nach mbaileoidh gníomhairí eastáit ach na sonraí pearsanta atá riachtanach ar mhaithe leis an údar a theastaítear iad. Bheadh an méid sonraí pearsanta ag teastáil chun breathnú a shocrú i bhfad níos lú ná aon sonraí pearsanta a bheadh ag teastáil má chinneann duine aonair dul ar aghaidh chuig céim eile le réadmhaoin a cheannach, mar shampla, tairiscint a dhéanamh ar réadmhaoin, díolachán a shocrú nó críoch a chur le díolachán.

Cé go bhfuil oibleagáidí ar eagraíochtaí faoi na treoirínte atá ag an Rialtais maidir le COVID agus faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta chun sláinte phoiblí a chosaint, ní mór do ghníomhairí eastáit a léiriú nach bhfuil siad ag bailiú ach sonraí pearsanta ábhartha, teoranta don mhéid is gá, chun breathnú slán ar réadmhaoin a shocrú.

**Ní cheapann an DPC go bhfuil aon údar (srianta maidir le Covid-19 san áireamh) le bailiú fairsing de shonraí pearsanta mar ráitis airgeadais, cruthú airgid, billí**

## **fóntais, uimhreacha PSP srl. ó cheannaitheoirí ionchasa nuair atá réadmhaoin á bhfógairt nó breathnuithe á óstáil ar dtús.**

Ní mór do rialaitheoirí sonraí an prionsabal maidir le **teorannú de réir cuspóra** a chomhlíonadh chomh maith. Níor cheart go mbailítear sonraí pearsanta 'ar eagla na heagla' ar chúis éigin amach anseo nár sainíodh nó nár fógraíodh. Níor cheart sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin "*chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin*".

Ní mór do rialaitheoirí sonraí bheith **trédhearcach** chomh maith le daoine aonair maidir leis an gcuspóirí nó na cuspóirí atá leis na sonraí pearsanta a bhailiú. Ciallaíonn sé seo gur gá le daoine aonair a chur ar an eolas má dhéanfar sonraí pearsanta a bhailíodh chun breathnú réadmhaoine a shocrú a úsáid chun aon chríoch eile, ar nós measúnú ar stádas airgeadais an duine aonair, le haghaidh cuspóirí anailíseacha nó próifiliú ar cheannaitheoirí ionchasa.

Faoi GDPR, caithfidh go mbeidh **bunús dlí** le haon phróiseáil a dhéantar ar sonraí pearsanta. Chun tuilleadh eolais a fháil ar an mbunús dlí faoi GDPR le sonraí pearsanta a phróiseáil, féach ar an [treoir](#) ón DPC.

## **Tuilleadh Eolais**

Cuireann an [Treoir](#) ón DPC maidir le Sonraí Pearsanta a Iarraidh ó Thionóntaí Ionchasacha cás-staidéar ar fáil maidir le bailiú iomarcach sonraí ó ghníomhaireacht ligin.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi na hoibleagáidí cosanta sonraí atá ar eagraíochtaí agus iad ag feidhmiú mar rialaitheoirí sonraí, féach ar an mhír '[D'Eagraíochtaí](#)' ar shuíomh gréasáin an DPC.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair, féach ar an mhír '[Do Chuid Sonraí](#)' ar shuíomh gréasáin an DPC.